Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Meán Fómhair 2025 (OR. en)**

**12258/25**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0266 (NLE)**

**TRANS 342**
**RELEX 1085**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ<br>a ghabhann le togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hIompar Lasta de Bhóthar, a mhéid a bhaineann le leanúint leis an gComhaontú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 474 annex.

---

Faoi iamh: COM(2025) 474 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.9.2025
COM(2025) 474 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINNÍ**

**a ghabhann le togra le haghaidh**

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hIompar Lasta de Bhóthar, a mhéid a bhaineann le leanúint leis an gComhaontú**

## IARSCRÍBHINN

**Cinneadh Uimh. 3/2025 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hIompar Lasta de Bhóthar**

**an …**

**a mhéid a bhaineann le leanúint leis an gComhaontú**

TÁ AN COMHCHOISTE,

Ag féachaint don Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar[1] a síníodh an 29 Meitheamh 2022, agus go háirithe Airteagal 7(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De réir Chinneadh 2/2023 den Chomhchoiste an 16 Márta 2023[2], an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar (dá ngairfear ‘an Comhaontú’ feasta), bhí feidhm aige go dtí an 30 Meitheamh 2024. Leis an gComhaontú Leasaitheach a síníodh an 20 Meitheamh 2024, rinneadh an Comhaontú a mhodhnú agus a fhadú go dtí an 30 Meitheamh 2025, agus rinneadh athnuachan intuigthe air go ceann tréimhse eile 6 mhí[3]. Tá feidhm aige faoi láthair go dtí an 31 Nollaig 2025.

(2) Mar a leagtar amach in Airteagal 7(2) den Chomhaontú, tá an Comhchoiste le tionól 3 mhí ar a dhéanaí roimh dhul in éag an Chomhaontaithe chun measúnú a dhéanamh ar an ngá atá ann le leanúint leis an gComhaontú agus cinneadh a dhéanamh ina leith sin, lena n-áirítear fad na leanúna.

(3) Leanann an tAontas Eorpach agus an Úcráin de thairbhe a bhaint as éifeachtaí dearfacha an Chomhaontaithe, trí iompar lasta de bhóthar a éascú idir an Úcráin agus an tAontas Eorpach agus tríothu. Is fíor-riachtanach an tacaíocht anois é an Comhaontú do dhea-fheidhmiú na Lánaí Dlúthpháirtíochta.

(4) Ba cheart féachaint ar fhadú an Chomhaontaithe mar bheart a rannchuidíonn freisin le hatógáil na hÚcráine tar éis chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.

(5) Is iomchuí, dá bhrí sin, síneadh a chur leis an gComhaontú go dtí an 31 Márta 2027.

(6) I bhfianaise na n-ábhar imní agus na n-éiginnteachtaí maidir leis an tionchar diúltach a d’fhéadfadh a bheith ag an gComhaontú ar roinnt Ballstát, seolfaidh an Coimisiún Eorpach staidéar ar thionchar an Chomhaontaithe ar thionscal an iompair de bhóthar, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, a bheidh le seachadadh sula rachaidh an Comhaontú in éag an 31 Márta 2027.

---

1 IO L 179, 6.7.2022, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_international/2022/1158/oj.

2 IO L 123, 8.5.2023, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/929/oj.

3 OJ 2024/1878, 2.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_international/2024/1878/oj.

(7) Ba cheart aon fhadú breise a bheith faoi réir dul chun cinn sásúil a dhéanfar maidir le reachtaíocht na hÚcráine a ailíniú le *acquis* an Aontais i réimse an iompair lasta de bhóthar sula rachaidh an Comhaontú in éag an 31 Márta 2027. Ba cheart go n-éascódh sé sin dea-fheidhmiú an iompair lasta de bhóthar faoin gComhaontú seo agus ba cheart é a mheas i bhfianaise na caibidlíochta aontachais atá ann faoi láthair, ar cuireadh tús léi an 14 Nollaig 2023[4].

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leanúint leis an gComhaontú

1. Leis seo, cuirtear síneadh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar go dtí an 31 Márta 2027.

2. Ba cheart aon fhadú breise a bheith faoi réir dul chun cinn sásúil a dhéanfar maidir le reachtaíocht na hÚcráine a ailíniú le *acquis* an Aontais i réimse an iompair lasta de bhóthar mar a leagtar amach san Fhoscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

*Thar ceann an Chomhchoiste*
*Na Comhchathaoirligh*

[4] EUCO 20/23

**Foscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Uimh. 3/2025 ón gComhchoiste**
**a bunaíodh leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hIompar Lasta de Bhóthar**

**an …**

**a mhéid a bhaineann le leanúint leis an gComhaontú**

| ***Acquis AE le trasuí ag an Úcráin*** | **Bunús dlí an Aontais** | **Sprioc-am chun measúnú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil dul chun cinn sásúil léirithe ag an Úcráin** | **Cur chun feidhme dlíthiúil** | **Nótaí** |
|---|---|---|---|---|
| Clár leictreonach náisiúnta de ghnóthais iompair de bhóthar a bhunú a chomhlíonann sonraíochtaí an Aontais | Airteagal 16 de Rialachán (AE) 1071/2009<br><br>Cinneadh 2009/992/AE ón gCoimisiún. | An 30 Samhain 2026 | Reachtaíocht na hÚcráine<br><br>Cinneadh féideartha ón gComhchoiste maidir le mórsháruithe | |
| Coinníollacha a bhaineann leis an gceanglas bunaíochta | Airteagal 5 de Rialachán (AE) 1071/2009 | An 30 Samhain 2026 | Reachtaíocht na hÚcráine | |
| Feithiclí nua atá cláraithe san Úcráin agus a oibríonn faoin gComhaontú chun tacagraf cliste | Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) 165/2014. | An 30 Samhain 2026 | Reachtaíocht na hÚcráine | Le Cinneadh 2/2025 ón gComhchoiste, déantar formhór an *acquis* tacagraif a thrasuí cheana féin. |

| *Acquis AE le trasuí ag an Úcráin* | **Bunús dlí an Aontais** | **Sprioc-am chun measúnú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil dul chun cinn sásúil léirithe ag an Úcráin** | **Cur chun feidhme dlíthiúil** | **Nótaí** |
|---|---|---|---|---|
| leagan 2 a fheistiú orthu | | | Cinneadh féideartha ón gComhchoiste | |
| Iarfheistiú tacagraif chliste leagan 2 ar 20 % de chabhlach na hÚcráine a oibríonn faoin gComhaontú agus nach bhfuil faoi réir an cheanglais roimhe sin | Airteagal 3(4) agus Airteagal 3(4) de Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 | An 30 Samhain 2026 | Reachtaíocht na hÚcráine | Le Cinneadh 2/2025 ón gComhchoiste, déantar formhór an *acquis* tacagraif a thrasuí cheana féin. |
| Ailíniú le forálacha an Aontais maidir le tréimhsí tiomána, sosanna agus tréimhsí scíthe | I gcomhréir le hAirteagail 6 go 8 agus 9 de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 arna leasú le Rialachán (AE) 2020/1054. | An 30 Samhain 2026 | Reachtaíocht na hÚcráine | Ní áireofar leis sin an nasc le modúl sóisialta IMI. |
| Ailíniú le forálacha an Aontais maidir le | Treoir 2002/15/CE | An 30 Samhain 2026 | Reachtaíocht na hÚcráine | Ní áireofar leis sin an nasc le modúl sóisialta IMI. |

| ***Acquis AE le trasuí ag an Úcráin*** | **Bunús dlí an Aontais** | **Sprioc-am chun measúnú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil dul chun cinn sásúil léirithe ag an Úcráin** | **Cur chun feidhme dlíthiúil** | **Nótaí** |
|---|---|---|---|---|
| hamanna oibre | | | | |